**Aghaidh náisiúnta nua na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(2023/C 122/03)



*Aghaidh náisiúnta an bhoinn comórtha nua 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an Iodáil*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéar euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn euro chomórtha a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2 euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2 euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin nó ó thaobh na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: An Iodáil

**Ábhar an chomórtha**: Comóradh 100 bliain an Aerfhórsa

**Tuairisc ar an dearadh**: Is dearadh é seo ina léirítear macasamhlú an lógó a bhaineann le Comóradh Céad Bliain an Aerfhórsa. An cheannlitir "R" ar thaobh na láimhe clé, tugann sé Mionta na Róimhe le fios; na ceannlitreacha "RI" ag an mbarr, sin an t-acrainm le haghaidh Phoblacht na hIodáile; an inscríbhinn "AERONAUTICA MILITARE", agus cruth áirse uirthi, a léirítear ag an mbun; ar thaobh na láimhe deise, feicimid "VdS", inisealacha an dearthóra Valerio De Seta.

Taispeántar na 12 réalta de bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**An líon measta bonn atá le heisiúint**: 3 000 000

**Dáta eisiúna**: Mí Eanáir 2023

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lgh. 1 i gcomhair aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lgh. 52).